An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications

# Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

## An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**2023**




Ag Obair **Le Chéile**

DELIVER - IMPROVE - TRANSFORM

# Clár Ábhar

Léaráidí agus Táblaí ........ 1

Liosta Grád ........ 2

1 Achoimre Fheidhmeach ........ 3

1.1 Tábla Forbhreathnaithe ........ 4

2 Réamhrá ........ 6

2.1 Na sonraí atá ar fáil don bhliain 2022/23 ........ 6

2.2 Teorainneacha na sonraí ........ 6

2.3 Próifíl Achoimre na Roinne ........ 7

2.4 Achoimre ar fhostaithe ........ 7

2.5 Fostaithe páirtaimseartha ........ 7

2.6 Fostaithe sealadacha ........ 8

2.7 Meánaois fostaithe ........ 8

2.8 Ionadaíocht inscne sa líon foirne de réir gráid ........ 8

3 Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní ........ 9

3.1 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile. ........ 9

3.2 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe ........ 11

3.3 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le híocaíochtaí bónais agus le sochair chomhchineáil ........ 13

3.4 Sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle ........ 13

4 Scrúdú ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn ........ 16

5 Aghaidh a Thabhairt ar Dhifríochtaí Pá idir na hInscní ........ 17

6 Aguisíní ........ 19

6.1 Sainmhínithe ar Shonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní ........ 19

6.2 Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil ........ 20

6.3 Comparáid tábla idir na Forbhreathnuithe do na Blianta 2022 agus 2023 ............. 21

6.4 Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe postroinnte ..................................................................................... 22

6.5 Tábla forbhreathnaithe ar na difríochtaí agus na bearnaí pá ar fud na gceithre cheathairíl........................................................................................................ 22

6.6 An Plean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní – Stádas............... 24

Tábla forbhreathnaithe ar Ghníomhartha Inscne do na Blianta 2023 agus 2024....... 24

# Léaráidí agus Táblaí

Tábla: Tábla Forbhreathnaithe: Tábla forbhreathnaithe

Tábla: Forbhreathnú ar ionadaíocht inscne i measc Oibrithe Lánaimseartha agus Páirtaimseartha na Roinne:   23 Meitheamh 2023 Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne i measc Oibrithe Lánaimseartha agus Páirtaimseartha na Roinne:   23 Meitheamh 2023

Tábla: Ionadaíocht inscne ar fud na Roinne – 23 Meitheamh 2023: Tábla ar ionadaíocht inscne de réir gráid – 23 Meitheamh 2023

Tábla: Forbhreathnú ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig: Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig

Léaráidí: An bhearna mheánach agus airmheánach fhoriomlán phá idir na hinscní: An bhearna mheánach agus airmheánach fhoriomlán phá idir na hinscní

Léaráidí: An difríocht mheánach agus airmheánach phá idir na hinscní, €: An difríocht mheánach agus airmheánach phá idir na hinscní, €

Tábla: Forbhreathnú ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe páirtaimseartha: Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe páirtaimseartha

Tábla: Forbhreathnú ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle: Forbhreathnú tábla ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle

Léaráid: Sciar na bhfear agus na mban i ngach ceathairíl phá (%): Sciar na bhfear agus na mban i ngach ceathairíl phá (%)

Tábla: Forbhreathnú ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil: Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil

Tábla: Comparáid idir na Táblaí Forbhreathnaithe do na Blianta 2022 agus 2023: Comparáid tábla idir na Forbhreathnuithe do na Blianta 2022 agus 2023

Tábla: Forbhreathnú ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe postroinnte: Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe postroinnte

Tábla: Forbhreathnú ar na difríochtaí agus na bearnaí pá ar fud na gceithre cheathairíl: Tábla forbhreathnaithe ar na difríochtaí agus na bearnaí pá ar fud na gceithre cheathairíl

Tábla: An Plean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní – Stádas - An Plean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní – Stádas

## Liosta Grád

| | |
|---|---|
| **AR** | **Ard-Rúnaí** |
| **LR** | **Leas-Rúnaí** |
| **RC** | **Rúnaí Cúnta** |
| **PO** | **Príomhoifigeach** |
| **PC** | **Príomhoifigeach Cúnta** |
| **OR** | **Oifigeach Riaracháin** |
| **AOF** | **Ardoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **OF** | **Oifigeach Feidhmiúcháin** |
| **OC** | **Oifigeach Cléireachais** |
| **OS** | **Oifigeach Seirbhíse** |
| **PGT** | **Post Gairmiúil/Teicniúil** |

**Is mar a leanas atá ordlathas na ngrád:** Ard-Rúnaí, Leas-Rúnaí, Rúnaí Cúnta, Príomhoifigeach, Príomhoifigeach Cúnta, Oifigeach Riaracháin nó Ardoifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Cléireachais, agus Oifigeach Seirbhíse.

Ní ionann gráid **Phoist Ghairmiúil/Theicniúil** agus gráid ghinearálta státseirbhíse. Tá sainobair i gceist leo, agus is féidir ceanglais cháiliúcháin nó chomhlíonta níos sonraí, scálaí difriúla pá agus coinníollacha difriúla fostaíochta a bheith i gceist leo. Cé go bhfuil gráid phoist ghairmiúil/theicniúil le fáil i ngach rannán sa Roinn, is i Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann agus sa Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála atá an chuid is mó díobh lonnaithe. Is ionann céatadán na ngrád poist ghairmiúil/theicniúil i líon foirne na Roinne agus 17.44%.

# 1 Achoimre Fheidhmeach

Is é cuspóir an doiciméid seo tuairisc a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn don bhliain 2023, mar a cheanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Baineann na tomhais atá curtha i láthair sa doiciméad seo leis na difríochtaí i sonraí comhiomlánaithe d'fhir agus do mhná ar fud na Roinne amhail an dáta léargais an 23 Meitheamh 2023, lena gcumhdaítear an tréimhse tuairiscithe ón 25 Meitheamh 2022 go dtí an 23 Meitheamh 2023.

Tá an bhearna phá idir na hinscní do na fostaithe uile sa Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide don tréimhse tuairiscithe suas go dtí an dáta léargais an 23 Meitheamh 2023 cothrom le **10.3% (an bhearna mheánach phá) nó le 10.3% (an bhearna airmheánach phá).** Tá sé sin níos ísle ná an figiúr don bhliain 2022, tráth a bhí an bhearna mheánach agus airmheánach phá idir na hinscní cothrom le 12.1% agus le 16% faoi seach. Is féidir an laghdú sin a chur síos go príomha don chomhdhéanamh inscne laistigh de na ceathairíleanna, áit a raibh laghdú 3.3% ann sa líon fear agus a raibh méadú 3.3% ann sa líon ban sa cheathairíl uachtair, rud a rannchuidigh leis an laghdú foriomlán sa bhearna phá idir na hinscní. Chun na ceathairíleanna a ríomh, sórtáiltear na fostaithe uile ina mbanda pá féin agus roinntear iad ina gceathairíleanna ansin – i.e., b'ionann an leibhéal pá ar leith faoina dtagann 25% de na fostaithe uile agus an chéad cheathairíl, nó an cheathairíl "íochtair", agus araile. Bhí laghdú ann sa ghlanlíon uaireanta oibre freisin, ó 7.5 uair an chloig go 7 n-uaire an chloig sa lá. Chomh maith leis sin, bhí méaduithe tuarastail ann ar fud na ngrád uile faoin gcomhaontú "Ag Dul Ó Neart go Neart". Tháinig méadú 21.5% ar líon foirne na Roinne, i gcomparáid leis an bhfigiúr a tuairiscíodh sa tuarascáil don bhliain 2022.

Faoi mar a tharla sa bhliain 2022, is féidir ár mbearna phá a chur síos go príomha don líon níos airde fear atá i róil ardbhainistíochta san eagraíocht. Tá sé sin le feiceáil sa cheathairíl phá uachtair, áit ar fir atá i 62% de na fostaithe uile agus ar mná atá i 38% díobh (i gcomparáid leis sin, fir a bhí i 65% de na fostaithe uile sa cheathairíl phá uachtair agus mná a bhí i 35% díobh sa bhliain 2022). Cé go raibh athrú trí phointe chéatadánacha ann san ionadaíocht inscne sa cheathairíl phá uachtair, tá an éagothroime laistigh den cheathairíl uachtair fós ar an bpríomhchúis leis an mbearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig.

Tá sa tuarascáil seo freisin faisnéis faoi na bearta atá le cur chun feidhme agus atá i bhfeidhm cheana féin chun comhionannas inscne a chur ar aghaidh agus chun feabhas a chur ar ionadaíocht na mban sna gráid ardbhainistíochta. Is iad na bunluachanna agus na bunchineálacha iompraíochta atá againn ná Ag Obair le Chéile, Tionchar a Imirt, agus

Ardchaighdeáin a Sholáthar. Leagaimid béim ar leith ar na luachanna sin toisc go léiríonn siad an dóigh a n-oibrímid le chéile agus a gcaithimid le chéile le meas.

Ní léirítear sa tuarascáil seo a mhéid a chuaigh tosca amhail fad seirbhíse, leas a bhaint as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh nó saoire chosantach, agus obair pháirtaimseartha, i bhfeidhm ar ionadaíocht na mban ar fud na ngrád uile sa Roinn.

## 1.1 Tábla Forbhreathnaithe[1]

| **Ceanglais Tuairiscithe an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021**<br><br>**(Dáta léargais an 23 Meitheamh 2023)** | **CÉATADÁN 2023** |
|---|---|
| 1. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile) | 10.3% |
| 2. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha) | -5.6% |
| 3. An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Oibrithe Sealadacha) | 0 |
| 4. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile) | 10.3% |
| 5. An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha) | 5.5% |
| 6. An bhearna mheánach phá Bónais idir na hinscní | N/B |
| 7. An bhearna airmheánach phá Bónais idir na hinscní | N/B |
| 8. An % a fuair Bónas | N/B |
| | N/B |

[1] Féach an tAguisín le haghaidh Comparáid idir na Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní do na Blianta 2022 agus 2023 Féach an tAguisín le haghaidh Comparáid idir na Táblaí Forbhreathnaithe do na Blianta 2022 agus 2023.

| | |
|---|---|
| 9. An % a fuair Sochar Comhchineáil | |
| 10. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íochtair | F: 50.7%<br>B: 49.3% |
| 11. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íosláir | F: 44%<br>B: 56% |
| 12. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uasláir | F: 51%<br>B: 49% |
| 13. An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uachtair | F: 62%<br>B: 38% |

# 2 Réamhrá

## 2.1 Na sonraí atá ar fáil don bhliain 2022/23

Tá an tuarascáil seo bunaithe ar shonraí don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide a sholáthair an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, ar sonraí iad a tógadh ar an "dáta léargais" an 23 Meitheamh 2023 agus lena gcumhdaítear an tréimhse 12 mhí roimhe. Ar an dáta léargais, bhí 598 nduine san fhostaíocht bhuan agus shealadach sa Roinn – 287 mbean agus 311 fhear. Bhí fostaithe na Roinne dáilte ar fud deich gcinn de ghráid riaracháin agus ghairmiúla/theicniúla státseirbhíse, agus thart ar chúig scála pá is seasca i gceist. Ar aon dul leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, ní áirítear leis an tuarascáil seo ach daoine den inscne fhireann agus daoine den inscne bhaineann.

Forordaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, na méadrachtaí is intuairiscithe maidir leis an mbearna phá idir na hinscní. Agus an meánphá san uair an chloig d'fhir agus do mhná á ríomh, tá uaireanta tráthrialta agus uaireanta ragoibre araon le cur ar áireamh sa tuarascáil, mar aon le haon liúntais phá agus aon bhónais. Chuir líon beag fostaithe uaireanta ragoibre isteach le linn na tréimhse tuairiscithe i gcomparáid le huaireanta oibre tráthrialta. Ní bhfuair aon fhostaí íocaíocht bónais ná íocaíocht sochair comhchineáil le linn na tréimhse tuairiscithe.

## 2.2 Teorainneacha na sonraí

Maidir leis an tuarascáil seo, is ann do roinnt teorainneacha ar féidir go ndéanfaidh siad difear do chonclúidí na sonraí atá curtha i láthair.

- Is le bliain aonair sonraí a bhaineann an tacar sonraí a úsáideadh don tuarascáil seo, agus tá sa tacar sin sonraí faoi fhostaithe a chuaigh isteach san eagraíocht, nó a d'fhág an eagraíocht, thart ar an dáta léargais. Sna cásanna sin, ní léirítear sa ríomhaireacht bhliantúlaithe imthosca iarbhír na bhfostaithe sin, agus is féidir go ndéanfaidh sé sin difear do na méadrachtaí foriomlána atá curtha i láthair.
- Agus uaireanta iomlána fostaithe á ríomh, is féidir le saincheisteanna teacht chun cinn i gcás gur thosaigh oifigeach an fhostaíocht i lár tréimhse pá nó i gcás gur bhain sé/sí leas as saoire neamhíoctha áirithe. Úsáideadh ríomhaireacht "uaireanta ceartaitheacha" chun aghaidh a thabhairt ar na haimhrialtachtaí sin, áit arb ionann uaireanta ceartaitheacha agus an t-athrú iomlán sa líon uaireanta a tháinig as aon choigeartuithe a rinneadh ar na sonraí bunaidh.
- Áirítear leis an ríomhaireacht ar an mbearna phá idir na hinscní fostaithe lánaimseartha agus fostaithe páirtaimseartha araon, mar atá leagtha amach san Acht

um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021. Is é an toradh atá air sin go gcuirtear na figiúirí uile-dhaonra as a riocht go mór, mar gheall go páirteach ar na hísealuaireanta oibre a dhéanann fostaithe páirtaimseartha agus ar an ísealphá carnach a fhaigheann siad ar an meán.

## 2.3 Próifíl Achoimre na Roinne

Tugtar sa rannán seo achoimre ar an bpróifíl fostaithe laistigh den Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Áirítear leis miondealú ar fhostaithe de réir inscne, gráid agus stádas páirtaimseartha ar an dáta léargais an 23 Meitheamh 2023.

## 2.4 Achoimre ar fhostaithe

Tráth an dáta léargais (23 Meitheamh 2023), bhí 598 bhfostaí ar phárolla na Roinne.

## 2.5 Fostaithe páirtaimseartha

I gcás na tuarascála seo, measadh gurbh fhostaithe páirtaimseartha iad fostaithe a raibh FTE[2] faoi bhun 1 acu ar an dáta léargais. Mar sin, ní hé amháin gur cuireadh postroinnteoirí[3] ar áireamh san fhigiúr seo, ach cuireadh ar áireamh ann freisin fostaithe a bhain leas as saoire do thuismitheoirí, saoire tuismitheora, saoire cúramóra, saoire neamhíoctha mháithreachais agus luach saothair sealadach athshlánúcháin[4]. Tugtar sa tábla thíos forbhreathnú ar ionadaíocht inscne sa Roinn, ina measc sin atá sainmhínithe mar fhostaithe páirtaimseartha agus mar fhostaithe lánaimseartha.

**Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne i measc Oibrithe Lánaimseartha agus Páirtaimseartha na Roinne: 23 Meitheamh 2023**

| LÍON FOIRNE | Fostaithe lánaimseartha | Fostaithe páirtaimseartha | **Na Fostaithe Uile** |
|---|---|---|---|
| Fireann | 305 | 6 | 311 |
| Baineann | 242 | 45 | 287 |

[2] FTE - Coibhéis lánaimseartha

[3] Is ionann postroinnteoirí agus oifigigh atá páirteach sa Scéim Postroinnte agus a bhfuil a bpatrún freastail bunaithe ar fhreastal laghdaithe comhaontaithe. De na 51 fhostaí pháirtaimseartha, mar atá sainmhínithe sna sonraí, bhí seacht nduine is tríocha ina bpostroinnteoirí. Laistigh den ghrúpa sin, bhí cúigear postroinnteoirí ina bhfir agus bhí dhá phostroinnteoir is tríocha ina mná. Is é sin le rá gur mná a bhí in ochtó is a sé faoin gcéad de na postroinnteoirí uile sa Roinn ar an dáta léargais.

[4] Is ionann luach saothair sealadach athshlánúcháin agus íocaíocht a dhéantar chun tacú le hathshlánú státseirbhíseach atá as láthair ar shaoire fhada bhreoiteachta agus a sháraigh an tairseach 183 lá in aon tréimhse rollach ceithre bliana.

| IOMLÁN | 547 | 51 | 598 |
|---|---|---|---|

## 2.6 Fostaithe sealadacha

Ar an dáta léargais, tháinig beirt fhostaithe faoin gcatagóir oibrithe sealadacha.

## 2.7 Meánaois fostaithe

B'ionann meánaois fhostaithe na Roinne tráth an dáta léargais agus 44 bliana d'aois.

## 2.8 Ionadaíocht inscne sa líon foirne de réir gráid

Léirítear sa ghraf thíos ionadaíocht chéatadánach inscne fhostaithe na Roinne bunaithe ar líon foirne de réir gráid, amhail an dáta léargais an 23 Meitheamh 2023.

Laistigh den Roinn, déantar ionadaíocht do ghráid phoist Ghairmiúil/Theicniúil ar fud ghráid choibhéiseacha riaracháin PO, PC, AOF agus OR.

**Tábla ar ionadaíocht inscne de réir gráid – 23 Meitheamh 2023**

| | AR | LR | ARC | PO | PC | OR | AOF | OF | OC | OS | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fireann** | 1 | 1 | 6 | 39 | 101 | 48 | 50 | 47 | 20 | 4 | 311 |
| **Baineann** | | | 1 | 19 | 95 | 37 | 56 | 41 | 31 | 1 | 287 |
| **Iomlán** | **1** | 1 | 7 | 58 | 196 | 85 | 106 | 88 | 51 | 5 | 598 |

Féach an tAguisín le haghaidh forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil.

# 3 Sonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní

Ríomhadh na tomhais[5] seo a leanas trí úsáid a bhaint as dáta léargais an 23 Meitheamh 2023 agus áiríodh leo sonraí ón tréimhse 12 mhí roimhe. Áirítear leis an tacar sonraí seo 287 mbean agus 311 fhear, agus iad ag déanamh ionadaíocht do 598 bhfostaí san iomlán.

## 3.1 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile.

Tagraíonn an focal ***meánach*** don mheán de thacar luachanna, i.e., suim na luachanna arna roinnt ar an líon luachanna. Tagraíonn an focal ***airmheánach*** don lárphointe de thacar luachanna nuair a chuirtear in ord iad ón luach is lú go dtí an luach is mó.

**Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do na fostaithe uile**

| | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe na Roinne (Meitheamh 2023) | 287 | 311 | 598 |
| Bunphá Iomlán | €14,538,915.25 | €18,752,479.76 | €33,291,395.01 |
| Uaireanta a Oibríodh | 417,814.25 | 480,091.47 | 897,905.72 |
| Uaireanta Ragoibre | 210.50 | 599.44 | 809.94 |
| Uaireanta Ceartaitheacha[6] | -62.22 | -65.80 | -128.52 |
| Uaireanta Iomlána | 417,962.03 | 480,625.11 | 898,587.14 |
| An Ráta Meánach san Uair an Chloig | 34.14 | 38.09 | 36.20 |
| An Ráta Airmheánach san Uair an Chloig | 33.50 | 37.34 | 35.00 |

[5] Féach an t-aguisín le haghaidh liosta de shainmhínithe ar shonraí faoin mbearna phá idir na hinscní

[6] Is ionann Uaireanta Ceartaitheacha agus an t-athrú iomlán sa líon uaireanta a tháinig as aon choigeartuithe a rinneadh ar an tuairisc bhunaidh. Tharla sé sin mar gheall ar shaincheisteanna a bhí i gceist le huaireanta iomlána oifigigh, a d'fhág nach raibh uaireanta meánacha ná airmheánacha an oifigigh ag teacht lena mbeifí ag súil leis bunaithe ar a g(h)rád. Is féidir é sin a chur síos do shaoire neamhíoctha áirithe nó d'oifigeach a bheith ag tosú na fostaíochta i lár na tréimhse pá agus d'uaireanta an oifigigh sin a bheith á gcoigeartú chun an méid sin a léiriú.

Is féidir roinnt conclúidí a tharraingt as an tábla thuas:

- Faoi mar a tharla sa bhliain 2022, is airde an ráta meánach san uair an chloig ná an ráta airmheánach san uair an chloig do mhná agus d'fhir araon. Is gné choitianta é sin de struchtúr eagraíochta inar mó an líon fostaithe ar an bpá is ísle ná an líon fostaithe ar an bpá is airde.
- Is féidir an méadú sna rátaí meánacha agus airmheánacha san uair an chloig sa bhliain 2023 a chur síos don mhéadú sa líon fostaithe.
- Tháinig laghdú ar an difríocht sa mheánlíon uaireanta a d'oibrigh fir agus mná sa bhliain 2023, agus is féidir é sin a chur síos don laghdú a rinneadh sa líon uaireanta i mí Iúil 2022, ó 7.5 uair an chloig sa lá go 7 n-uaire an chloig sa lá. Ba mhó an líon uaireanta a d'oibrigh fir ná an líon uaireanta a d'oibrigh mná, áfach. Ar an meán, d'oibrigh gach fear 1546 huaire an chloig agus d'oibrigh gach bean 1454 huaire an chloig. Mar atá léirithe sa tábla ag 3.2.2, is mná atá in ochtó is a hocht faoin gcéad de na fostaithe sin sa Roinn atá sainmhínithe mar oibrithe páirtaimseartha (i.e., ba lú an líon uaireanta a d'oibrigh siad ná uaireanta lánaimseartha).
- Uaireanta Ragoibre a bhí i níos lú ná 0.1% de na huaireanta iomlána a oibríodh. Ba mhó an líon fear ná an líon ban a charn Uaireanta Ragoibre (seachtar fear i gcomparáid le cúigear ban).

Is léirithe thíos atá an bhearna mheánach agus airmheánach fhoriomlán dár Roinn. Thuairiscigh an Phríomh-Oifig Staidrimh[7] go raibh an bhearna phá idir na hinscní in Éirinn cothrom le 9.6% sa bhliain 2022.

**Léaráidí: An bhearna mheánach agus airmheánach fhoriomlán phá idir na hinscní.**




An bhearna mheánach phá idir na hinscní





An bhearna airmheánach phá idir na hinscní


[7] 'An Bhearna Phá idir na hInscní' ón bPríomh-Oifig Staidrimh: ['An Bhearna Phá idir na hInscní 2022' ón bPríomh-Oifig Staidrimh]

Taispeántar sa dá léaráid thíos na céatadáin mheánacha agus airmheánacha i ndáil le pá na mban i gcomparáid le gach €1 a thuill fir ar fud na Roinne.

**Léaráidí: An Difríocht Mheánach agus Airmheánach Phá idir na hInscní, €**



An difríocht mheánach phá idir na hinscní



An difríocht airmheánach phá idir na hinscní

## 3.2 An bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d'fhostaithe

I gcás na tuarascála seo, measadh gurbh fhostaithe páirtaimseartha iad fostaithe a raibh FTE faoi bhun 1 acu ar an dáta léargais. Mar sin, cuireadh fostaithe a bhain leas as postroinnt agus fostaithe a bhain leas as saoire do thuismitheoirí, saoire tuismitheora, saoire cúramóra, saoire neamhíoctha mháithreachais agus luach saothair sealadach athshlánúcháin ar áireamh sa chohórt oibrithe páirtaimseartha[8].

Áirítear leis an tábla thíos sonraí a bhaineann le pá fostaithe baineanna páirtaimseartha agus le pá fostaithe fireanna páirtaimseartha. Tá an bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha san uair an chloig cothrom le -5.6% agus tá an bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí airmheánacha san uair an chloig cothrom le 5.5%.

[8] Níor cuireadh fostaithe a bhí ar shaoire neamhíoctha ar áireamh sa chohórt oibrithe páirtaimseartha sa tuarascáil don bhliain 2022. Mar thoradh air sin, chuireamar tábla ar leith do phostroinnteoirí ar áireamh san Aguisín chun na figiúirí seo a chur i gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2022.

### Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe páirtaimseartha

| | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe Páirtaimseartha na Roinne (Meitheamh 2023) | 45 | 6 | 51 |
| Bunphá Iomlán | €1,977,582.18 | €259,197.46 | €2,236,779.64 |
| Uaireanta a Oibríodh | 57,363.26 | 7,791 | 65,154.26 |
| Uaireanta Ragoibre | 0 | 40 | 40 |
| Uaireanta Iomlána | 57,432.14 | 7,831 | 65,263.14 |
| An Ráta Meánach san Uair an Chloig | 34.41 | 32.60 | 34.20 |
| An Ráta Airmheánach san Uair an Chloig | 31.39 | 33.23 | 31.39 |
| An Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní | **-5.6%** | | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní | **5.5%** | | |

Is postroinnteoirí atá i 6.1% de na fostaithe uile. Is mná atá in 87% de na fostaithe uile atá ag baint leas as postroinnt freisin, cé gur mná atá i 48% d’fhórsa saothair foriomlán na Roinne. Mar thoradh air sin, is mná sa chohórt postroinnteoirí atá i 5.35% de na fostaithe uile ar fud na heagraíochta. I gcás fostaithe atá ag baint leas as socruithe postroinnte, tá an bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha san uair an chloig cothrom le -11.37% agus tá an bhearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí airmheánacha san uair an chloig cothrom le -2.89%[9].

Is é an chúis leis an mbearna phá aisiompaithe d’oibrithe páirtaimseartha agus do phostroinnteoirí ná ionadaíocht bheag na bhfear sa chohórt seo.

[9] Féach an tAguisín: Forbhreathnú ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig do phostroinnteoirí Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe postroinnte

## 3.3 An bhearna mheánach agus airmheánach phá i ndáil le híocaíochtaí bónais agus le sochair chomhchineáil

Ní bhaineann tuairiscí ar an mbearna mheánach agus airmheánach i ndáil le híocaíochtaí bónais ná le sochair chomhchineáil le hábhar i gcás fostaithe a d'fhóin sa Roinn sa bhliain 2023 agus níl siad ar áireamh sa tuarascáil seo.

## 3.4 Sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle


Chun léargas níos mine a fháil ar na difríochtaí pá idir fir agus mná, sórtáiltear na fostaithe uile ina mbanda pá féin agus roinntear iad ina gceathairíleanna ansin – i.e., b'ionann an leibhéal pá ar leith faoina dtagann 25% de na fostaithe uile agus an chéad cheathairíl, nó an cheathairíl "íochtair", b'ionann an grúpa pá atá os cionn an leibhéil sin ach atá faoi bhun an leibhéil airmheánaigh (50%) agus an dara ceathairíl (an cheathairíl íosláir), agus araile.

Tá rannphháirtíocht choibhneasta na bhfear agus na mban i ngach ceann de na ceathairíleanna curtha i láthair sa tábla agus sna píchairteacha thíos.

**Forbhreathnú tábla ar fhostaithe fireanna agus baineanna de réir bandaí pá ceathairíle**

| | Líon | | Céatadán | |
|---|---|---|---|---|
| | **Fireann** | **Baineann** | **Fireann** | **Baineann** |
| An cheathairíl íochtair | 76 | 74 | 50.7% | 49.3% |
| An cheathairíl íosláir | 66 | 83 | 44.3% | 55.7% |
| An cheathairíl uasláir | 76 | 73 | 51% | 49% |
| An cheathairíl uachtair | 93 | 57 | 62% | 38% |

**Léaráid: Sciar na bhfear agus na mban i ngach ceathairíl phá (%)**




Cé gur mhó an líon fear ná an líon ban arís eile sa bhliain 2023 (311 fhear i gcomparáid le 287 mbean), níl an éagothroime chomh suntasach sin. Tháinig méadú ar na ceathairíleanna i gcomhréir leis an méadú foriomlán sa líon fostaithe i gcomparáid leis an mbliain 2022 freisin. Tá sé soiléir gur fostaithe fireanna atá i bhformhór na bhfostaithe sa cheathairíl is airde pá, agus thart ar 1.6 fear sa bhean ann sa cheathairíl sin. Tá an éagothroime laistigh den cheathairíl uachtair ar an bpríomhchúis leis an mbearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig. Is féidir a thabhairt faoi deara, áfach, gur tháinig feabhas beag sa cheathairíl seo i mbliana i gcomparáid leis an mbliain 2022, tráth a bhí 65.3% den cheathairíl comhdhéanta d'fhir agus a bhí 34.7% den cheathairíl comhdhéanta de mhná.

Cé gur treocht aisiompaithe í, is féidir treocht den chineál céanna a thabhairt faoi deara sa cheathairíl íosláir, áit ar fir atá i 55.3% de na fostaithe uile sa cheathairíl agus ar mná atá i 44.7% díobh faoi láthair, i gcomparáid le 59.7% agus le 40.3% faoi seach an bhliain seo caite.

Tá an cheathairíl íosláir agus an cheathairíl uasláir cothromaithe ó thaobh inscne de, den chuid is mó, agus níl aon athrú suntasach tagtha orthu ón mbliain 2022 i leith.

Rannchuidigh treochtaí dearfacha ón dara ceathairíl agus ón gceathrú ceathairíl (ceann amháin i bhfabhar na bhfear agus an ceann eile i bhfabhar na mban) leis an bhfeabhas a tháinig ar fhigiúirí cothromaíochta inscne na Roinne. Féach an tAguisín chun scrúdú a dhéanamh ar na difríochtaí agus na bearnaí pá ar fud na gceithre cheathairíl.

Gné shuntasach amháin de na bearnaí pá nuair a ríomhadh iad thar fhothacair dhaonra (sa chás seo, thar cheathairíleanna daonra) is ea gur lú i bhfad na bearnaí sin ná na bearnaí a ríomhadh don daonra ar fad. I gcás an daonra ar fad, tá an difríocht i bpá meánach cothrom le 10.3% agus tá an difríocht i bpá airmheánach cothrom le 10.3%. Tá sé sin ag teacht lena mbeifí ag súil leis ó thaobh staidrimh de. Tríd is tríd, is gnách go mbíonn na difríochtaí pá laistigh de cheathairíleanna aonair níos lú ná na difríochtaí sa daonra ar fad. Seasann difríochtaí sa daonra ar fad do luach carnach ansin.

# 4 Scrúdú ar an mBearna Phá idir na hInscní sa Roinn

Tháinig laghdú ar an mbearna phá idir na hinscní sa Roinn, ó bhearna mheánach phá idir na hinscní a bhí cothrom le 12.1% sa bhliain 2022 go 10.3% agus ó bhearna airmheánach phá idir na hinscní a bhí cothrom le 16% sa bhliain 2022 go 10.3%. Is féidir an laghdú a chur síos do na hathruithe i gcomhdhéanamh an dara ceathairíl agus an ceathrú ceathairíl, don laghdú sa líon uaireanta oibre ó 7.5 uair an chloig go 7 n-uaire an chloig sa lá, agus do na méaduithe pá faoin gComhaontú 'Ag Dul Ó Neart go Neart'.

Amhail i gcás na tuarascála don bhliain 2022, is féidir ár mbearna phá a chur síos go príomha don líon níos airde fear atá i róil ardbhainistíochta san eagraíocht. Tá sé sin le feiceáil sa cheathairíl phá uachtair, áit ar fir atá i 62% de na fostaithe uile. Cé go raibh laghdú trí phointe chéatadánacha ann in ionadaíocht na bhfear sa cheathairíl sa bhliain 2023, tá an éagothroime fós ar an bpríomhchúis leis an mbearna phá idir na hinscní i ndáil le rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig. Tháinig méadú 21.5% ar an líon foriomlán fostaithe i gcomparáid leis an bhfigiúr sa tuarascáil don bhliain seo caite, agus gach ceathairíl ag méadú faoin ráta céanna, tríd is tríd.

Is féidir an bhearna aisiompaithe phá idir na hinscní i measc fostaithe páirtaimseartha a chur síos don fhíoras gurb iad mná sa Roinn go príomha a bhaineann leas as roghanna saoire "a thacaíonn le teaghlaigh" agus as socruithe postroinnte. Is postroinnteoirí atá i 6.1% de na fostaithe uile. Is mná atá in 87% de na fostaithe uile atá ag baint leas as postroinnt freisin, cé gur mná atá i 48% d'fhórsa saothair foriomlán na Roinne. Foilseoimid mionanailís ar an gcohórt sin ar bhonn inmheánach sa chéad ráithe den bhliain 2024 chun tuiscint níos fearr a ghnóthú ar na tosca a bhíonn taobh thiar den bhearna phá idir na hinscní i measc fostaithe páirtaimseartha agus ar an difear a dhéanann na cineálacha tionscnamh sin don staid fhoriomlán.

Foilseoimid freisin anailís ar leith ar mhéid na bearna pá idir na hinscní ar fud bandaí aoise, rannán agus ról, lena n-áirítear comparáid idir an bhearna phá i ngráid Ghairmiúla/Theicniúla phá agus an bhearna phá i ngráid riaracháin phá.

# 5 Aghaidh a Thabhairt ar Dhifríochtaí Pá idir na hInscní

Táimid tiomanta go fóill dár mbearna phá idir na hinscní a laghdú agus táimid ag obair chun cur leis na gníomhartha a tugadh isteach sa bhliain 2022 chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá.

Leanaimid lenár ndaoine, ár gcultúr agus ár n-eagraíocht a fhorbairt chun a chinntiú gur féidir linn an Ráiteas Straitéise uainn a chomhlíonadh, mar aon leis an bhfís atá againn le haghaidh Éire atá aeráidneodrach, atá inbhuanaithe agus atá nasctha ón taobh digiteach de. Aithnímid gur spreagthach tábhachtach maidir leis an Roinn a bhunathrú is ea comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn. Sheolamar an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú uainn sa bhliain 2023. Tá an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta sin bunaithe ar an bhfís atá againn go mbeadh an Roinn ina háit oibre chuimsitheach ina spreagtar gach duine a bheith ar a ndóigh féin, agus fios acu go nglacfar leo agus go gcaithfear go cothrom leo le dínit agus le meas. Trí dhul i dteagmháil le baill foirne, shainaithníomar réimsí eile lena bhfeabhsú agus thugamar gníomhartha um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú isteach chun bunathrú ár Roinne a bhrú chun cinn.

Tá an Straitéis Daoine uainn le foilsiú i mí Eanáir 2024, agus áireofar léi gníomhartha sonracha i réimsí an acmhainnithe, na forbartha ceannaireachta agus na hanailíse sonraí chun buntacú le tuiscint níos fearr ar na saincheisteanna agus chun bonn eolais a chur faoi bhearta éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna atá sainaitheanta sa tuarascáil seo.

Déanann ár bhFoireann nuabhunaithe um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú laistigh den Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha formhaoirseacht ar ár gcuid gníomhartha atá dírithe ar chothromaíocht inscne a chur chun cinn, ar gníomhartha iad atá ina gcuid anois den Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (atá foilsithe ar ár n-inlíon). Bhunaíomar grúpa oibre um an mbearna phá idir na hinscní laistigh den rannán um Ghnóthaí Corparáideacha agus den rannán um Fhorbairt Straitéiseach chun faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní agus ar bhearta eile comhionannais. Leanaimid le sruth tiomnaithe piarmheantóireachta ‘mná go mná’ a reáchtáil mar chuid de chlár meantóireachta na Roinne. Chomh maith leis sin, bhunaíomar ár Líonra Ban, sholáthraíomar seimineáir Ghréasáin ar shláinte na mban agus ar conas tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí, agus

chuireamar oiliúint ar chomhghleacaithe chun gur féidir leo éirí ina gcuraidh sos míostraithe. Tá ár Struchtúir Rialachais um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú á mbunú againn faoi láthair, lena n-áireofar Comhairle Ceannaireachta a bheidh faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta agus a bheidh freagrach as dul chun cinn agus tionchar ár ngníomhartha um chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a rianú.

Sa bhliain 2024, díreoimid ar dtús ar thuarascálacha forlíontacha a fhoilsiú ar ár mbearna phá idir na hinscní. Áireofar leis sin mionanailís ar an mbearna phá ar fud bandaí aoise, rannán, gráid Ghairmiúla/Theicniúla phá agus postroinnteoirí. Chomh maith leis sin, comhroinnfimid fionnachtana ón taighde a sheolamar le mná maidir lena n-eispéiris ag an obair agus maidir leis na bacainní atá ar a ndul chun cinn gairme. Úsáidfear na fionnachtana sin chun bonn eolais a chur faoi bhearta amach anseo.

A bhuí leis an bpróiseas sin, lenar áiríodh ceardlanna “Léarscáiliú Eispéireas Fostaithe”, tugadh léargas ríthábhachtach ábhartha dúinn ar eispéireas na mban leis na próisis agus na struchtúir a bhaineann le forbairt agus dul chun cinn. Leanfar ar aghaidh leis an obair sin sa bhliain 2024, ar lena linn a reáchtálfar ceardlann a bheidh dírithe ar ionadaíocht gráid sa cheathairíl uachtair agus a reáchtálfar ceardlann ar fhilleadh ar an obair ó shaoire mháithreachais, ó shaoire cúramóra agus ó shaoire do thuismitheoirí.

Táimid buíoch de na rannpháirtithe, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhghleacaithe ar fud Chainéal Gutha na Foirne um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, Urraitheoirí an Bhoird Bainistíochta, an Fhóraim Ardbhainisteoirí, na bhFóram Gráid, Líonra na mBan agus an líonra daoine LADTA+ de chuid na Roinne, a bhíonn ag gabháil go gníomhach don Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú uainn a chur chun feidhme agus a bhíonn ag obair linn chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí tábhachtacha lena bhfeabhsú.

# 6 Aguisíní

## 6.1 Sainmhínithe ar Shonraí faoin mBearna Phá idir na hInscní

Ceanglaítear leis an Acht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021, go dtuairisceofaí na tomhais seo a leanas:

**An bhearna mheánach phá idir na hinscní** – an difríocht idir an ráta meánach pá san uair an chloig d'fhostaithe fireanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí agus d'fhostaithe baineanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí, agus oibrithe sealadacha.

**An bhearna airmheánach phá idir na hinscní** – an difríocht idir an ráta airmheánach pá san uair an chloig d'fhostaithe fireanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí agus d'fhostaithe baineanna lánphá agus páirtaimseartha iomchuí, agus oibrithe sealadacha.

**An bhearna airmheánach bhónais** – an difríocht idir an pá airmheánach bónais a íoctar le fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a íoctar le fostaithe baineanna iomchuí.

**An bhearna mheánach bhónais** – an difríocht idir an pá meánach bónais a íoctar le fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a íoctar le fostaithe baineanna iomchuí.

**An bhearna mheánach sochair comhchineáil** – an difríocht idir an sochar comhchineáil meánach a fhaigheann fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a fhaigheann fostaithe baineanna iomchuí.

**An bhearna airmheánach sochair comhchineáil** – an difríocht idir an sochar comhchineáil airmheánach a fhaigheann fostaithe fireanna iomchuí agus é sin a fhaigheann fostaithe baineanna iomchuí.

**Bandaí pá ceathairíle** – sciar na bhfostaithe fireanna agus baineanna lánphá iomchuí sa bhanda pá ceathairíle íochtair, sa bhanda pá ceathairíle íosláir, sa bhanda pá ceathairíle uasláir agus sa bhanda pá ceathairíle uachtair.

## 6.2 Forbhreathnú tábla ar ionadaíocht inscne ar fud gráid riaracháin agus gráid phoist ghairmiúil/theicniúil

| | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| ***AR*** | | **1** | **1** |
| *Gráid Riaracháin* | | 1 | 1 |
| ***LR*** | | **1** | **1** |
| *Gráid Riaracháin* | | 1 | 1 |
| ***RC*** | **1** | **6** | **7** |
| *Gráid Riaracháin* | 1 | 6 | 7 |
| ***PO*** | **19** | **39** | **58** |
| *Gráid Riaracháin* | 16 | 26 | 41 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 3 | 13 | 16 |
| ***PC*** | **95** | **101** | **196** |
| *Ginearálaí* | 73 | 58 | 131 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 22 | 43 | 65 |
| ***OR*** | **37** | **48** | **85** |
| *Gráid Riaracháin* | 29 | 36 | 65 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 8 | 12 | 20 |
| ***AOF*** | **56** | **50** | **106** |
| *Gráid Riaracháin* | 55 | 47 | 102 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 1 | 3 | 4 |
| ***OF*** | **47** | **41** | **88** |
| *Gráid Riaracháin* | 46 | 39 | 85 |
| *Gráid Phoist Ghairmiúil/Theicniúil* | 1 | 2 | 3 |
| ***OC*** | **31** | **20** | **51** |
| *Gráid Riaracháin* | 31 | 20 | 51 |
| ***OS*** | **1** | **4** | **5** |
| *Gráid Riaracháin* | 1 | 4 | 5 |
| ***Mór-Iomlán*** | **287** | **311** | **598** |

## 6.3 Comparáid tábla idir na Forbhreathnuithe do na Blianta 2022 agus 2023

| Ceanglais Tuairiscithe an Achta um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 | CÉATADÁN 2022 | CÉATADÁN 2023 | |
|---|---|---|---|
| An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile) | 12.1% | 10.3% | ↓ |
| An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha) | 5.54% | -5.6% | ↓ |
| An bhearna mheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Oibrithe Sealadacha) | n/b | 0 | |
| An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Na Fostaithe Uile) | 16% | 10.3% | ↓ |
| An bhearna airmheánach phá san uair an chloig idir na hinscní (Fostaithe Páirtaimseartha) | 12.65% | 5.5% | ↓ |
| An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íochtair | F: 49.2%<br>B: 50.85% | F: 50.7%<br>B: 49.3% | ↑<br>↓ |
| An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair íosláir | F: 40.2%<br>B: 59.8% | F: 44%<br>B: 56% | ↑<br>↓ |
| An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uasláir | F: 52.8%<br>B: 47.2% | F: 51%<br>B: 49% | ↓<br>↑ |
| An céatadán d'fhostaithe a tháinig faoi réim na ceathairíle luacha saothair uachtair | F: 65%<br>B: 35% | F: 62%<br>B: 38% | ↓<br>↑ |

## 6.4 Forbhreathnú tábla ar rátaí meánacha agus airmheánacha pá san uair an chloig d’fhostaithe postroinnte

| | Baineann | Fireann | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Fostaithe Postroinnte na Roinne (Meitheamh 2023) | 32 | 5 | 37 |
| Bunphá Iomlán | €1,323,509.19 | €184,928.85 | €1,508,438.04 |
| Uaireanta a Oibríodh | 38,851.97 | 6,006 | 44,857.97 |
| Uaireanta Ragoibre | 0 | 40 | 40 |
| Uaireanta Iomlána | 41,007.96 | 6,046 | 47,897.97 |
| An Ráta Meánach san Uair an Chloig | 34.07 | 30.59 | 33.60 |
| An Ráta Airmheánach san Uair an Chloig | 31.11 | 30.24 | 30.84 |
| An Bhearna Mheánach Phá idir na hInscní | **-11.37%** | | |
| An Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní | **-2.89%** | | |

## 6.5 Tábla forbhreathnaithe ar na difríochtaí agus na bearnaí pá ar fud na gceithre cheathairíl

| | An cheathairíl íochtair | | An cheathairíl íosláir | | An cheathairíl uasláir | | An cheathairíl uachtair | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baineann | Fireann | Baineann | Fireann | Baineann | Fireann | Baineann | Fireann |
| **An pá meánach san uair an chloig** | 19.21 | 19.68 | 29.86 | 30.12 | 39.94 | 40.04 | 52.43 | 57.49 |
| **An pá airmheánach san uair an chloig** | 19.39 | 19.52 | 30.02 | 30.26 | 37.01 | 37.33 | 49.41 | 53.33 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **An bhearna mheánach phá** | 2.42% | 0.88% | 0.26% | 8.82% |
| **An bhearna airmheánach phá** | 0.64% | 0.78% | 0.84% | 7.35% |

## 6.6 An Plean Gníomhaíochta um an mBearna Phá idir na hInscní – Stádas

### Tábla forbhreathnaithe ar Ghníomhartha Inscne do na Blianta 2023 agus 2024

| Téama | Gníomhartha | Úinéir | Amlíne | Stádas |
|---|---|---|---|---|
| Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Straitéise 'Ag Obair Le Chéile' | • Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a Sholáthar agus a Chur Chun Feidhme | An Oifig Oibríochtaí Corparáideacha, an Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | Ráithe 1 de 2023 | Curtha i gcrích i ráithe 3 de 2023 |
| Cur Chun Feidhme Straitéiseach na Straitéise 'Ag Obair Le Chéile' | • Straitéis Daoine a Sholáthar agus a Chur Chun Feidhme | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | Ráithe 1 de 2023 | Le foilsiú i ráithe 1 de 2024 |
| Deiseanna Líonraithe | • Líonra Ban a Bhunú | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2022 | Curtha i gcrích i ráithe 1 de 2023 |
| Deiseanna Líonraithe | • Páirt a ghlacadh i Líonra Earnála Poiblí Chlub 30% | An Fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú<br>Líonra na mBan | 2023 | Ar bhonn leanúnach |
| Meantóireacht | • Páirt a ghlacadh i gclár meantóireachta líonra Fhoras Bainistíochta na hÉireann/Chlub 30%<br>• Meastóireacht a dhéanamh ar rannpháirtíocht chun an cur chuige amach anseo a shainiú (2024) | An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt, an Fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, agus an Bord Bainistíochta | 2023 | Ar bhonn leanúnach |
| Meantóireacht | • Sruth Piarmheantóireachta na mBan – 11 phéire meantóireachta sa | An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt, agus | 2023 | Ar bhonn leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | sruth i gClár na bliana 2023<br>• An sruth meantóireachta a aisiompú – Dhá phéire i dTreoirchlár na bliana 2023 | Comhpháirtithe Meantóireachta | | |
| | • Seachtain Imeachtaí do Lá Idirnáisiúnta na mBan | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha, an Oifig Oibríochtaí Corparáideacha | Ráithe 1 de 2023 | Curtha i gcrích |
| Sláinte agus Folláine | • Sláinte na mBan: Oiliúint Feasachta ar Shos Míostraithe, Caint Torthúlachta<br>• An tSeachtain Feasachta ar Shos Míostraithe – Caiféanna Sos Míostraithe, Curaidh Sos Míostraithe | An tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt | 2023 | Curtha i gcrích |
| Dul Chun Cinn Gairme | • Taighde a sheoladh i measc fostaithe maidir lena n-eispéiris ag an obair agus maidir leis na bacainní atá ar a ndul chun cinn gairme chun bonn eolais a chur faoi bhearta amach anseo ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na bacainní sin<br>• Tacaíochtaí breise a chur i bhfeidhm d'fhostaithe atá ag filleadh ó shaoire fhada chun an próiseas a dhéanamh níos éasca – tabharfar an beartas um fhilleadh ar an obair ar ais sa bhliain 2024 | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an Fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú | 2023 – 2024 | Ar bhonn leanúnach |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Anailís Sonraí | • Grúpa oibre a bhunú i struchtúr rialachais na Straitéise um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú chun faireachán agus athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní agus ar bhearta eile comhionannais | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha/an tAonad Eacnamaíoch agus Meastóireachta | 2023 | Bunaíodh grúpa oibre agus tháinig sé le chéile ar bhonn ráithiúil.<br>Foilsíodh an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2023 |
| Foghlaim agus Forbairt | • Clár Oiliúna um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear oiliúint ar chlaontuairim neamh-chomhfhiosach agus ar chlaontuairim gaireachta<br>• Cúrsaí forbartha gairme a thabhairt isteach atá saincheaptha do mhná chun tacú leo dul chun cinn gairme a bhaint amach. | An Fhoireann um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, an tAonad um Fhoghlaim agus Forbairt | 2024 | |
| Anailís Sonraí | • Anailís sonraí a dhéanamh ar fheachtais earcaíochta agus ardú céime agus ar ionadaíocht inscne<br>• Tuilleadh anailís sonraí a dhéanamh ar an mbearna phá idir na hinscní i measc fostaithe páirtaimseartha chun bonn eolais a chur faoi ghníomhartha | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2023/2024 | Ar siúl |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | amhail patrúin phostroinnte a éascú tráth ardú céime<br>• A shainaithint cé acu atá nó nach bhfuil rochtain ar róil áirithe teoranta d'fhostaithe lánaimseartha agus, dá bhrí sin, cé acu atá nó nach bhfuil sé sin ag cur bac ar dhul chun cinn gairme i measc postroinnteoirí | | | |
| Earcaíocht | • Meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas earcaíochta agus ar phróisis earcaíochta chun torthaí cothromasacha a chinntiú | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2024/2025 | Le tosú sa bhliain 2025 |
| Beartais a Thacaíonn le Teaghlaigh | • Beartais a thacaíonn le teaghlaigh a chur chun cinn i measc gach gráid agus inscne | An Rannán Acmhainní Daonna Straitéiseacha | 2024 | Tá plean cumarsáide ag teastáil – le cur ar aghaidh sa bhliain 2024 |
| An Plean Gníomhaíochta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú | • Cumas a fhorbairt chun dearcadh comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a leabú isteach i ngnáthobair laethúil na Roinne trí dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, agus uirlisí agus modheolaíochta scagtha tionchair | An tAonad um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú | Ráithe 3 de 2024 | • Tá dualgas na hEarnála Poiblí le cur chun feidhme i ráithe 2 de 2024.<br>• Tá an chomhairle ceannaireachta le bunú i ráithe 1 de 2024. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a fhorbairt<br>• Comhairle Ceannaireachta um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a bhunú, rud a bheidh faoi chathaoirleacht ag Rúnaí Cúnta agus a thiocfaidh le chéile ar bhonn ráithiúil ar a laghad chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na Straitéise agus Plean Gníomhaíochta seo; dul chun cinn agus tionchar a rianú, agus moltaí a dhéanamh le haghaidh feabhsuithe, más gá<br>• Tuarascáil ráithiúil ar dhul chun cinn a sholáthar don Bhord Bainistíochta | | | |